

Mná in Aimsir an Ghorta

Ionchas Saoil: Roimh an nGorta, bhí meán-ionchas saoil de 38 bliain ag fir agus mná araon. Le linn an Ghorta, thit sé seo go 18.17 bliain d'fhir. Do mhná, thit sé go 22.4 bliain.

Le linn Ghorta na Sualainne, 1772-73, Ghorta Holodomor na hÚcráine sna 1930í agus dhá ráig difriúla den bhruitíneach san Íoslainn sna 1800í, mhair mná ní b'fhaide freisin. Chinn an Dr Virginia Zarulli go mairfeadh mná, beagnach gach áit, níos faide ná fir.

“De thairbhe na fhonnachtana go bhfuil ionchas saoil níos faide ag mná, faoi choinníollacha deacra, thacódh sé leis an hipitéis go bhfuil buntáiste marthanais na mban cinntithe go bitheolaíoch,” a scríobh sí. Faoi láthair, meastar go mairfeadh bean Éireannach 83.2 bliain ar an meán, agus 78.7 bliain i gcás fir.

Tionchair an Ghorta ar Mhná: d'fhulaing mná an tragóid ar bhealaí shainiúla agus pianmhara. Thug cuid acu, go neamhleithleasach, aire d'íospartaigh thruamhéalacha an ocrais agus an ghalair. Thar lear, bhí Siúracha na Carthanachta, Montréal, ar cheann de roinnt ord reiligiúnda ban, ar chaill baill díobh a mbeatha féin ón bhFiabhras, agus iad ag tabhairt aire d'Éireannaigh galracha, a tháinig go Ceanada sa bhliain 1847. Sa bhaile, bhí Siúracha na Trócaire, a bhunaíodh ag **Catherine McAuley** sa bhliain 1831, ag freastal ar riachtanais íospartach an Ghorta Mhóir.

Pictiúr, a bhfuil eolas ag daoine air, i cibé áit a labhraítear faoi'n Gorta, is ea pictiúr 'Bridget O'Donnell, and Children', a tharraing an t-ealaíontóir James Mahoney, do The Illustrated London News (Nollaig 1849).



(Foinse: Photo12/Universal Images Group via Getty Images)

Foilsíodh agallamh le Bridget leis an líníocht. Roimh an nGorta, bhí seacht n-acra ar cíos aici féin agus ag a fear i gContae an Chláir. De bharr cíos nár iocadh, díshealbhaíodh iad dhá mhí sular rugadh leanbh marbh do Bridget. Fuair a mac, a bhí 13 bliain d'aois aige, ag an am, bás toisc é do bheith ar an anás agus san angar. Cosúil leis na céadta mílte ban Éireannach eile, rinneadh í a dhíbirt ón taifead oifigiúil. Mar sin féin, bhí a scéal agus a híomhá le feiceáil i gceann desna nuachtáin a ba mhó ag an am.

Rinne mná bochta na céadta achainíocha, cuid acu scríofa ar pháipéir, cuid eile scríobhtha ag comharsana liteartha. Ba bhealach mhór amháin é seo ina raibh na mná seo ag iarraidh a chinntiú

go mairfeadh siad féin agus a dteaghlach. Díríodh formhór na n-achainíocha chuig an Tiarna Talún áitiúil, ag insint go leor scéalta aonair. Mar sin rinne an Bhaintrí Neary, ó Bhéal na mBuillí, achainí deich scillinge a fháil, chun ligean di dul go Sasain. Gheall sí: ‘Ní bheidh a thuilleadh trioblóide agat uaimse, a Dhuine uasail, ná ag aon fhear uasal eile sa tír’. Ar Oíche Nollag, 1846, d’iarr Mary Lattimore, as Muinchille, ‘comhlán beag feola feola’ dá leanaí a raibh ocras orthu. Léiriú ar chumhacht iomlán a b’ea neamhshuim na dTiarnaí Talún Sasanaacha, maille le fulaingt na mbochtán.



Bean a díshealbhaíodh agus a clann ag tochailt prátaí: The Illustrated London News, Eanáir 1849
(Foinse: Universal History Archive/Universal Images Group via Getty Images)

Cailíní sna déaga dílleachtacha: Cuireadh ní ba mhó ná 4,000 cailín, ar ‘imirce’ chun na hAstráile, faoi Scéim Earl Gray. Cha rabh i ndán dóibh ach idirdhealú agus mí-úsáid ó dhaoine le meon frith-Éireannach

Tháinig na chéad chailíní ar bord an Lady Kennaway ar an 11^ú Meán Fómhair, 1848. B’as an Ghaillimh, Maigh Eo, Sligeach agus Tír Chonaill a bhformhór. Labhair go leor acu Gaeilge amháin. Idir 1849 agus 1851, tugadh faoi scéim an Iarla Gray cailíní idir 14 agus 19 mbliana d’aois ó Thithe na mBocht ar fud na hÉireann, chun oibriú san Astráil mar sheirbhísigh agus chun cabhrú le méadú dhaonra na coilíneachta nua. Tar éis uafás an ocras agus cailleanas a gclann, tar éis dóibh maireachtáil i mbochtaineacht agus mí-úsáid a fhulaingt i dTithe míchlúiteacha na mBocht agus tar éis dóibh turas farraige crua a dhéanamh, shroich na dílleachtaí talamh nua, é aisteach agus imeaglach - talamh nach raibh fáilte rompu ann.

De réir thaifid 1848 an Lady Kennaway, bhí líon na 191 dílleachtaí ‘thar a bheith múinte agus i sláinte den scoth’, iad ag baint leasa as **lamháltas iomlán ciondála** ar an dturas 85 lá. Ní ba dhéanaí, d’fhulaing roinnt díobhtha mí-úsáid ó fhostóirí neamhscrupallacha, agus thit go leor acu arís ar an nganchuid. Rinneadh idirdhealú forleathan orthu go léir, de réir mar a d’fhás meon frith-Éireannach le teacht gach loinge.

Dúirt sliocht as ‘The Argus’, príomh-nuachtán Melbourne, ar an 4^ú Aibreán, 1850: “Tá lán loinge d’inimircigh ban as Éirinn sroichte annseo arís, agus fós, cé go bhfuil gach éinne ag i gcoinne an ionsaithe milltinigh agus fuíoll inbhraite an Chiste Inimircé - a chuir na coilínigh ar fáil, chun na **carachtair neamhfhíúna** seo a **thabhairt annseo ...**”.

Léadh sliocht eile as ‘The Argus’ ar an 24^ú Aibreán, 1850: “Tá an tír ar fad i gcoinne níos mo **dhaoine dhíghrádaithe** a ligean isteach inár gcoilíneacht mar a fuarthas formhór na ndílleachtaí

baineanna. ... gach soitheach a thugas méadú,,, dár ndaonra ban, tugann sé... duáilce agus graostacht isteach i ngach cearn dár mbaile. Ón aicme seo níor fuairamar... aon bhean óg éirimiúil, dúthrachtach, ná bean chéile oiriúnach do shaothraithe... ach tuilte na héagóra, atá anois ag scuabadh **gach rian den mhoráltacht ósna** na cosáin is poiblí sa chathair.”

Ainneoin na n-ainneoin, d'éirigh le roinnt dílleachtaí, phós siad agus d'ardaigh siad clann sa choilíneacht chrua neamaiteach.



Bhí Sarah O'Malley 17 mbliana d'aois nuair a shroich sí an Astráil.

Bhí Sarah Matilda O'Malley 17 mbliana d'aois nuair a tháinig sí ar bord an Pemberton, a dtáinig chun duga in Melbourne, i mBealtaine 1849. Léirigh taifid na loinge gur Chaitliceach a bhí in O'Malley agus go raibh sí in ann léamh agus scríobh. Phós sí i 1850 agus lonnigh sí i Victoria.



Nochtadh 'Carraig an Ghorta' i Melbourne i 1998, i gcuimhne orthu siúd a fuair bás le linn an Ghorta Mhóir, moladh a dhéanamh ar na díshealbhaithe a tháinig go Cuan Hobson, le brón a léiriú as **díshealbhú** mhuintir Bhunurong agus Woiworung (ach i spiorad athmhuintearais) agus i ndlúthpháirtíocht leo siúd go léir a bhfuil ocras orthu inniu. Saghais rian cumha é an Charraig, do 'chuile dhuine atá thíos leis, cibé inné nó inniu a tharla a dtrioblóid. Tá inscríbhinn, i nGaeilge, ón dán 'Na Prátaí Dubha' le Máire Ní Dhroma sna 1850í:

Ní hé Dia a cheap riamh an obair seo - Ní hé Dia a smaoinigh riamh ar an saothar seo
Daoine bochta 'chur le fuacht is fán - Daoine Bocht a chur amach sa bhfuacht, gan áit le dul ann acu.

B'é 'Ἐρωίκεστο να ἦθεορ' in aice le droichead éigin in Iarthar Tír Chonail, a spreag daoine an Charraig a chur suas. I gcuimhne ar an áit sin ar chuir eisimircigh, cainteoirí aonteangacha

Gaeilge den chuid ba mhó, san 19^ú agus 20^ú aois, tús lena n-aistear fada, uaigneach. Deir inscríbhinn:

“Ἰδοτε το σεο ἁ ἄζαδὸ καιροε ἄζυς λυετ ζαοιλ ἄν τε ἁ βί ἄζ ἰμπελατ εἰν ἄ Κοιζρίε, β’ ἄνσεο ἄν σκαρἄδ. Σεο Ὀροίεαδ ἄν ἄ’Οεορ.” (Thiocfadh cairde agus gaolta an té a rachadh ar imirce chomh fada le seo. Anseo scar siad. Droichead na nDeor í an láthair seo.)

Mná Neidín: Stair Neidín, i gContae Chiarraí, a scríobhadh ag na buaiteoirí (mar is gnách). Bhí Thomas Babington Macamhlaigh ina thacadóir de theaghlach chumhachtach an Tiarna Talún, na Lansdownes.



Lansdowne Lodge, Kenmare

Tá a chuid tagairtí dár stair, sa bhliain 1849, biogóideach; déanann siad iarracht a thaispeáint conas mar a shibhialtaigh na coilínigh sinn. ‘Ainmhithe fiánta’ sinn ina chur síos orainn. Tá cuntas, mar seo a leanas, cruachróioch.

Thiocfadh daoine ón taobh amuigh go Neidín, i gcarráistí, uaireanta ag stopadh ar feadh oíche ar a mbealach ó Chill Áirne go Beantraí. Do dhírigh siad ar mhná ar an anás. Ghlac Caomhnóirí an Tí Oibre áitiúil orthu féin breith a thabhairt ar na mná bochta sin, lena n-áirítear iad siúd a d’éirigh torrach. Leithdháileadh ‘**barda aithrí**’ speisialta orthu le ‘**staighre aithrí**’ ar leith ionas ‘nach gcuirfear tionchar náireach orthu siúd a bhfuil a gcarachtar ceart’. Agus iad ag dul in aghaidh an chuibhis choitianta, mhaígh siad: “go mbeadh sé ina éagóir ar na Fírén, agus go mba mhór an chabhair é do dhaoine ghránna, cead a thabhairt dóibh láithreach a gcarachtar truailithe agus a gcuid páistí bastard a thabhairt isteach i gcuideachtain daoine eile”.

Mhol Coimisinéirí Dhlí na mBocht, agus iad ag aithint an fhimíneacht chríochnaithe, go n-úsáidfí an téarma ‘**barda scartha**’, gan bheith chomh pionósach, ach roghnaigh na Caomhnóirí an téarma ‘**barda pionóis**’.



Feirmeoir ‘tuathánach’ i Neidín ina bhothán aon-tseomra

I dTeach na mBocht nó amach as, is minic a bhíodh mná faoi bhrú na bochtaineachta. Bheadh sé deacair teaghlach a réachtáil, i mbothán aon-tseomra, fiú nuair a bheadh na prátaí flúirseach.

Mná i dTeach na mBocht i nDún Garbhán: Mhéadaigh líon na ndaoine i dTeach na mBocht de réir mar a tháinig an Gorta chun cinn. Mná a bhí i gceist leis an gcéatadán ba mhó de chimí, i gcóimheas triúr le duine amháin. Go tábhachtach, bhí éileamh ar oibrithe feirme mar gheall ar an eisimirce. I dTeach na mBocht féin do múineadh ceirde éagsamhla do bhuachaillí, mar atá, fíodóireacht, táilliúireacht agus siúinéireacht. Cuireadh oiliúint ar chailíní mar sheirbhísigh den chuid is mó.

In 1854 mhol Coiste Cuairte go gcuirfí barda ar leith ar fáil i dTeach Oibre Dhún Garbhán do mháithreacha leanaí neamhdhlisteanacha. I mí Eanáir, 1855, rinneadh árasán dosna mná a raibh leanaí den sórt sin acu i mBarda na nÓinseach, nach raibh cónaí ann ag an am. Ní raibh cead ag na ‘mná a raibh droch-chlú ortha’ ná a gcuid páistí dul isteach sa halla bídh leis na mná eile. Cuireadh a gcuid bídh go léir chucu san árasán. Mar sin, bhí deighilt iomlán idir na mná seo agus na cimí eile.

Sonraíodh san Acht Éireannach Fóirithinte dosna Boicht, 1838, go raibh máithreacha neamhphósta faoi dhliteanas tacaíocht a thabhairt dá leanaí neamhdhlisteanacha suas go 15 bliana d’aois. Ní raibh aon dliteanas ar an athair nádúrtha faoin Acht seo. Bhí sé seo ar cheann desna príomhchúiseanna go raibh leibhéal ard de bhreitheanna laistigh de Theach na mBocht neamhdhlisteanach: go minic ní raibh sé de rogha ag mná neamhphósta ach dul isteach i dTeach na mBocht chun a gcuid paistí a shaolú. D’fhág go leor acu an Teach go luath, in ndiaidh breithe, lena bpáiste. Leasaíodh an tAcht sna 1860í, rud a fhágann go bhfuil an t-athair nádúrtha faoi dhliteanas as tacaíocht agus cothabháil a thabhairt dá leanbh neamhdhlisteanach.



Charles MacIver Grierson: Tochtóirí Prátaí Mná san Iarthar (1903) Dánlann Crawford, Corcaigh

An Barda Ceanndánachta (dosna **mná neamhbhainistithe**): Bhí an Barda seo suite san fhoirgneamh tosaigh. B’ é an chuspóir a bhí leis ná freastal ar mhná nach bhféadfaí a bhainistiú, agus **ar mhná de dhroch-charachtar**. Cuireadh cóiríocht ar fáil do striapaigh sa Bharda seo freisin. Bhí clós ar leith ceangailte leis an mBarda seo. Mar sin ní raibh aon teagmháil idir an grúpa seo agus na cimí eile i dTeach na mBocht. I Mí na Bealtaine, 1852, d’ordaigh an Bord Caomhnóirí go ndéanfaí an leithreas lasmuigh, suite in aice leis an mBarda Ceanndánachta, a thiontú ina Chillín Ceanndánachta faoi Ghlas (nó ‘poll dubh’). Bhí ‘múch’ urchóideach ag teacht ón leithreas.

Bardaí Promhaidh: Bhí dhá bharda promhaidh ann: ceann d’fhir agus ceann do mhná. Baineadh úsáid as an mBarda Promhaidh do mhná chun déaláil leobhtha mar gheall ar mhí-iompar. Bheidís faoi choinneáil ar feadh tréimhse áirithe ama. I bhFeabhra, 1854, cuireadh seisear ban chuig an mBarda seo toisc **nár nigh siad éadaí i gceart sa níocháin** - rud a chuir gallúnach amú dá bharr.

Mná Reiligiúnacha, Mná na Cinsealachta: Ní íospartaigh amháin a bhí i mná bochta — bhí gníomhaireacht agus údarás ag mionlach beag acu — mar mhátrúin i dThithe na mBocht, cúramóirí, filí agus tiomsaitheoirí airgid fiú. Bogadh mná aonair **d’Aicme na Cinsealachta** chun cabhrú leo, rud a thug léargas ar Leith ar ról an ‘Tí Mhóir’.



(Grianghraf le Eye Uileláithreach/Grúpa Íomhánna Uilíoch trí Getty Images)

Léiríonn litreacha a tháinig slán, de chuid na **Bantiarna Sligí** ó Theach Chathair na Mart, i gContae Mhaigh Eo, a comhbhrón. Bhí carachtair dea-chruthaithe aici féin agus ag a mac óg, George. Chuidigh siad, ar bhealaí phraiticiúla, le déaláil leis an ngéarchéim a d’éirigh san Iarthar, ag soláthar pluideanna agus bia dá gcuid tionóntaí. Bhí baint aici le **Siúracha na Trócaire** a thabhairt go Cathair na Mart, chun cabhrú leis na boicht. Bhí **Máthair Francis Warde** ar dhuine den **triúr Siúr** a tháinig – a bhunaigh, ní ba dhéanaí, níos mó pobail reiligiúnacha i SAM ná aon bhean eile. D’fhreastal na Siúracha ar riachtanais íospartach an Ghorta Mhóir. Bhí Maigh Eo ar cheann desna ceantair ina raibh na fadhbanna ba mheasa. Fuair **Siúr Xavier Peppard Fiabhras an Ghorta Mhóir**. Bhí sí naoi mbliana déag d’aois, í i measc roinnt siúracha a fuair bás.

Ba dheirfiúr **Mary Ann McCracken**, 77, le ceannaire básaithe Éirí Amach 1798, Henry Joy McCracken, ar dhuine de bhunaitheoirí, i 1847, de Chumann na mBan Bhéal Feirste um **Dhearóile in Éirinn**, bunaithe ag mná de gach reiligiún. Dréachtaíodh liostaí síntiús, pleanáladh basár le hairgead a thiomsú agus cuireadh achomhairc go Sasain agus go hAlbain. Faoi Mhárta, bhí ós cionn £2,000 bailithe. Bhí faoiseamh le tabhairt do Chontaetha an Iarthair amháin, ach de réir mar a d’fhás anacair i mBéal Feirste, thug coiste ar leith cúnadh dosna boicht áitiúla.



(Grianghraf de Maria Edgeworth (1767 - 1849) ó phéintéireacht Alonso Chappel. (Grianghraf le Hulton Archive/Getty Images)

I Meathas Troim i gContae Longfoirt, bhain **Maria Edgeworth** úsáid as a clú idirnáisiúnta chun cúnadh a fháil ó mhná i Meiriceá, í ag rá, ‘le linn mo chónaithe seasca sé bhliain in Éirinn, ní raibh eolas agam ariamh ar anacair comhionann leis sin atá ann sa ló atá indiubh ann’. Chuaigh sé ina luí go mór uithi an tabhartas a frith **ó pháistí i mBostún** – luach £150 de bhia, le nóta, 'Do Nighean Edgeworth, dona cuid Bochtán'.

D'iarr Maria freisin ar **Choiste na gCaradaí** i mBaile Átha Cliath leathar a thabhairt di, chun bróga a dhéanamh d'fhir agus do bhuachaillí, a bhíodh ag obair ar na hOibreacha Poiblí i drochaimsir. I dteannta le sin, úsáideadh an t-ioncam a gnóthaíodh óna gearrscéal 'Orlandino' chun grán a cheannach dosna bochtáin áitiúla 'chun iad a spreagadh chun cócaireacht sa bhaile agus **gan a bheith ina mbacaigh andúileacha**.



Scríobh Asenath Nicholson, cuairteoir Meiriceánach, faoina bhfaca sí le linn an Ghorta Mhóir.

Thaistil Asenath Nicholson, cealaitheoir Meiriceánach, ar fud na hÉireann in 1847 agus scríobh sí cuntas neamhbhalbh agus anacair ar a bhfaca sí.

Chuaigh mná Bhéal Feirste i bhfeidhm uirthi, ag rá, ‘Cumann Cumann na mBan Béal Feirste réad a mhaireann agus a insíonn, agus a leanfaidh ar aghaidh ag déanamh amhlaidh, nuair nach mbeidh an dream a dhéanann amhlaidh ar domhan a thuilleadh’.

Ní fios líon beacht na mban a fuair bás le linn an Ghorta Mhóir: níor coimeádadh cláir na mbásanna. Ar aon nós, deirtear **nár tugadh cuntas riamh ar dhaoine**, a bhí ina gcónaí nó a bhí ag fáil bháis in ardtailte nó i gceantair iargúlta.

<https://www.irishcentral.com/news/scientists-studying-irish-famine-reveal-women-more-likely-to-survive-life-threatening-situations>

<https://www.rte.ie/history/famine-ireland/2020/0831/1162378-hidden-heroes-women-and-the-great-famine/> <https://www.irishexaminer.com/lifestyle/arid-30868307.html>

<https://www.irishtimes.com/life-and-style/abroad/the-story-of-the-irish-famine-orphan-girls-shipped-to-australia-1.4075722>

<https://www.irishtimes.com/culture/books/sex-savages-and-starvation-the-survival-of-kenmare-in-famine-times-1.4678761>

https://waterfordmuseum.ie/exhibit/web/Display/article/330/19/Desperate_Haven_The_Famine_in_Dun_garvan_Women_And_Children_In_The_Workhouse_.html

https://www.youtube.com/watch?v=20RwKb6S_ho



The Square, Kenmare

